# Feirm Ghaoithe CHNOCÁN AN PHÓNA

ARNA FORBAIRT AG
KERRY WIND POWER LTD

FOCHUIDEACHTA FAOI LÁNÚINÉIREACHT AG

ESB Energy for generations

Grousemount Wind Farm

# NUACHTLITIR

EARRACH 2019

A Léitheoir Dhil,

Tá áthas orainn an tríú nuachtlitir seo a chur ar fáil. Is éachtach an dul chun cinn atá déanta le linn 2018 agus táimid arís faoi chomaoin go mór ag an bpobal áitiúil as a gcomhoibriú le linn an ama seo. Táimid ag pleanáil go mbeidh an tionscadal críochnaithe againn faoi dheireadh 2019 agus mar is léir ón ngrianghraf thíos tá roinnt mhaith infrastruchtúir tógtha agus curtha i gcrích againn ar an sliabh. Táthar ag leanúint i gcónaí leis na hoibreacha ar an suíomh agus lasmuigh de agus tá áthas orainn go bhfuil an méid sin daoine agus gnólachtaí aitiúla ag fáil oibre de thairbhe an tionscadail.

Le dea-mhéin,
John Kelly, Stiúrthóir an Tionscadail & Diarmuid O'Sullivan, Oifigeach Idirchaidreamh Pobail





**San eagrán seo**

- Nuashonrú an tionscadail
- Léargas ar an obair thógála
- Seachadadh Tuirbíní
- Maoiniú Pobail
- Conas teagmháil linn

- Príomhghnéithe forbartha ar shuíomh na feirme gaoithe sna míonna romhainn

- Cur Isteach cáblaí
- Seachadadh Tuirbíní
- Tuirbíní inairde
- Críochnú Fo-Stáisiún
- Fuinnmhiú

FEIRM GHAOITHE CHNOCÁN AN PHÓNA

# BUNTÁISTÍ NA FORBARTHA

## LEICTREACHAS GLAN AG 70,000 TEAGHLACH

chun fuinneamh a thabhairt do theaghlaigh, feirmeacha, scoileanna agus gnólachtaí ar fud na hÉireann.

## RÁTAÍ ÍOCTHA

cabhróidh na rátaí a íocfaidh an fheirm ghaoithe le Comhairle Contae Chiarraí le seirbhísí áitiúla a sholáthar.

## BREIS AGUS 3.6 M

An luach iomlán atá ag an Ciste Sochair Phobail chun tacú le tionscadail áitiúla agus le háiseanna fóntais/caitheamh aimsire.

## TACAIGH LEIS AN AISTRIÚ

agus imímis ón spleáchas ar bhreoslaí iontaise iompórtáilte go foinse in-athnuaite fuinnimh a gintear go háitiúil. Bíodh páirt mhór agat sa cheanglas a thóg Éire uirthi féin 40% dá riachtanais leictreachais a fháil ó fhoinsí in-athnuaite faoin mbliain 2020.

## CLOCH AGUS COINCRÉIT

úsáidfear ábhar áitiúil ó cairéalaí áitiúla sa obair thógála.

## LUACH IOMLÁN DON PHOBAL

Ciste Sochair Phobail a thacóidh le tionscadail áitiúla agus le háiseanna fóntais/caitheamh aimsire.

## 6 PHOST LÁNAIMSEARTHA

gaolta le cothabháil na feirme gaoithe le linn don dtréimhse ina mbeidh sí ag feidhmiú.

## POST 100

post tógála ag buaic-phointe fostaíochta.

# Tionscadal Chnócán an Phóna: Tuirbíní ar an láthair




Sroichfidh na céad tuirbíní an fheirm ghaoithe i Márta 2019. Le súil agus an cur isteach ar an dtrácht áitiúil a laghdú tabharfaidh leoraithe iompair na páirteanna isteach go luath ar maidin (go tipiciúil 23:00 go 06:00). Fágfaidh na páirteanna seo Calafort Rinn an Scidígh i gCorcaigh ó mhaidin Luain go maidin Aoine ar feadh tréimhse a mhairifidh thart ar 6 mhí.





Ar an 4 Márta, déanfaidh an Garda Síochána na leoraithe a thionlacan trí Mhaigh Chromtha, Baile Mhic Íre, Baile Bhuirne agus ar aghaidh i dtreo teorann an chontae mar a chasfaidh siad ar ais chun an droichead nua sealadach ar an Sulán ag an Muileann a thrasnú.

Ón Muileann, bogfaidh na leoraithe ar aghaidh trí shráidbhaile Chúil Aodha, suas go Barr an Choma agus ar aghaidh go suíomh na Feirme Gaoithe ar Chnocán an Phóna.



# Nuashonrú ar réamh-oibreacha tógála na feirme gaoithe

• Ag tús mhí **Feabhra 2019**, 23 doirteadh bonn coincréite críochnaithe , tá 15 doirteadh le déanamh go fóill sna seachtainí romhainn.



• Suiteáil oibreacha duchtála críochnaithe ar c.30km ó stáisiún 110 kV
Chom an tSagairt go dtí an stáisiún 220 kV i mBaile Uascail , cé go bhfuil roinnt oibreacha feabhais le críochnú i mí **Feabhra**

• Tá tús curtha le profáil duchtála, tarrac agus ceangal cáblaí ó Bharr an Choma go Baile Bhuirne. Tá bainistiú tráchta i bhfeidhm le linn na hoibre seo ar cháblaí.

• Tá oibreacha ag dul ar aghaidh maidir le mionathraithe bóthar agus beidh siad seo críochnaithe sula dtagann na tuirbíní i mí an **Mhárta**.

• Cuirfear tús le seachadadh pháirteanna na dtuirbíní i mí an **Mhárta**. Cuirfear na Tuirbíní inairde ag an suíomh ina dhiadh sin.

• Tá formhór oibreacha suímh an fho-stáisiúin críochnaithe gan le déanamh ach feistiú an fho-stáisiúin agus na cáblaí go gach láthair tuirbín a cheangal.

## SLÁINTE & SÁBHÁILTEACHT

tá an fheirm ghaoithe go hiomlán tiomanta do shláinte agus sábháilteacht gach oibrí ar an suíomh. Cloífear leis na caighdeáin is airde sábháilteachta le linn an ama go mbeidh an fheirm ghaoithe á tógáil agus á fheidhmiú.



## AMLÍNE THÁSCACH

### 2019 Geimhreadh/Earrach

- Tús le seachadtaí Tuirbíní Gaoithe
- Feistiú fho-stáisiúin 110 KV Chom an tSagairt
- Rannpháirtíocht Phobail
- Cur Isteach cáblaí
- Oibreacha ar bhoinn tuirbíní

### Earrach/Samhradh 2019

- Tógáil, bóithre & Tuirbín Oibreacha bonn críochnaithe
- Cur Isteach cáblaí
- Rannpháirtíocht Phobail
- Tuirbíní Gaoithe Inairde

### Deireadh 2019

- 38 Tuirbín Gaoithe Inairde
- Rannpháirtíocht Phobail
- Tús le giniúint cumhachta agus easpórtáil
- An Fheirm Ghaoithe i Seirbhís

Tá córas teachtaireacht téacs i bhfeidhm chun na pobail a choimeád ar an eolas faoi ghníomhaíochtaí ar an suíomh.

# Urraíocht Áitiúil

Tá áthas orainn an deis a bheith againn tacaíocht airgid a thabhairt mar chúnamh do na tionscnaimh agus imeachtaí is déanaí seo sa cheantar go háitiúil:

- Leaca na mbailte fearainn sa Ghleann
- Comórtas Bearrtha Caorach sa Ghleann
- Fálú an chlóis i Scoil Náisiúnta Chúil Aodha
- Oiliúint ACS i CLG Naomh Abán
- Tuilsoilsiú i bPáirc CLG Chill Gharbháin
- Dífhibrileoir i Scoil Náisiúnta Lárnach Chill Gharbháin
- Láthair féir shaorga i Naíonra Chill Gharbháin
- Ábhar taispeántais i nDáimhscoil Mhúscraí Uí Fhlonn
- Córas CCTV pobail i mBaile Bhuirne
- Comharthaíocht Luais i Sráidbhaile Chúil Aodha
- Taispeántais Shamhraidh Chill Gharbháin & Bhaile Bhuirne/Chúil Aodha
- Léachtanna ar Phailneoirí do Dúlra agus Dúchas
- Seimineáir ag Cumann Bheachairí Mhúscraí












## CONAS TEAGMHÁIL A DHÉANAMH LINN

Tá an fhoireann tionscadail dírithe ar an bpobal áitiúil a choimeád ar an eolas agus cothrom le dáta agus Feirm Ghaoithe Grousemount á tógáil. Tá ár nOifigeach Idirchaidreamh Pobail (OIP) maraon le foireann an tionscadail ar fáil chun bualadh leat go háitiúil chun gach gné den dtionscadal a phlé leat Cuirfimid chomh maith nuashonraí ar fáil go rialta i bhfoirm nuachtlitreacha, téacsanna agus ar shuíomh idirlíon an tionscadail www.grousemountwindfarm.ie. Más mian leat bheith curtha san áireamh ar an liosta cumarsáide téigh i dteagmháil le do thoil lenár CLO thíos, Diarmuid O'Sullivan.
Má tá aon cheisteanna eile agat, déan teagmháil le:

**Áitiúil**

**R-phost: info@grousemountwindfarm.ie**

**Má theastaíonn breis eolais uait faoi Fheirm Ghaoithe Grousemount, téigh go dtí www.grousemountwindfarm.ie**

**Kerry Wind Power Ltd**

**Ainm: Diarmuid O'Sullivan**

**Guthán: (087) 9882288**

**R-phost: Info grousemountwindfarm.ie**

